Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí
Junior Cycle Final Examination
Gaeilge T2
Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal
Triail éisteachta shamplach E

Ceist 1: Cainteoir

Maria Popescu anseo. Rugadh agus tógadh i mBearna, gContae na Gaillimhe mé. Táim ag freastal ar an scoil cailíní áitiúil. Táim sa triú bliain. Tá beirt deartháireacha agam, Florian agus Daniel. Tá Florian ag déanamh cúrsa Gaeilge agus Gnó in Ollscoil na Gaillimhe. Tá Daniel ag obair mar mheicneoir i ngaráiste áitiúil. Tá mo Dhaid ina bhainisteoir ann freisin. Uaireanta cabhraím le mo Dhaid agus le Daniel sa gharáiste.

Tá suim mhór agam i gcarranna, go háirithe sa tiomáint railí. Ba breá liom a bheith i mo thiománaí railí nuair a bheidh mé níos sine. Roimhe sin, áfach, ba bhreá liom féin staidéar a dhéanamh ar an Eolaíocht, ar an bhFisic go háirithe.

Ceist 2: Fógra

Dia daoibh. Eithne Ní Dhochartaigh anseo, láithreoir ar Theilifís Nua na Gaeilge. Táimid ag lorg daltaí meánscoile chun páirt a ghlacadh i gclár nua darb ainm *Tráth na gCeist Anocht*. Beidh ceathrar ar gach foireann agus beidh orthu ceisteanna a fhreagairt ar réimse leathan topaicí ar nós cúrsaí spóirt, ceoil agus faisin; litríocht; ealaín; stair; tíreolaíocht agus go leor eile.

Chun páirt a ghlacadh ann, íoslódáil foirm iarratais ó www.trathnagceist.ie. Caithfear iarratais a chur isteach roimh a cúig a chlog tráthnóna, an ceathrú lá déag de mhí Aibreáin. Go raibh míle maith agaibh.

Ceist 3: Cómhra

Ciara: Ó, a Chormaic, céard a tharla duit?

Cormac: Haigh, a Chiara. Bhris mé mo chos, faraor. Bhí mé amuigh ag súgradh le mo chairde agus thit mé de bhalla. Ní raibh mé cúramach – tá sé sin soiléir!

Ciara: Ó, is dócha go raibh sé pianmhar. An raibh tú san ospidéal le fada?

Cormac: Ceithre lá. Tháinig na seirbhísí éigeandála go tapa agus cuireadh ar shínteán mé. Rinne na dochtúirí X-gha nuair a shroich mé an t-ospidéal. Ansin, cuireadh faoin scian mé!

Ciara: Ó, a Thiarcais. Agus an plástar atá ar do chos – cén uair a bheidh tú ábalta é a bhaint díot?

Cormac: Idir deich seachtaine agus dhá sheachtain déag. Tamall fada! Ní bheidh mé ábalta mórán a dhéanamh go dtí sin!

Ciara: Ní dóigh liom go mbeidh! An gcuireann sé isteach go mór ort?

Cormac: Á, cuireann, uaireanta. Go háirithe nuair a bhíonn sé tochasach; ní féidir liom mo lámh a chur síos faoin bplástar chun é a thochas. Cuireann sé soir mé!

Ciara: Gabh i leith, síneoidh mé an plástar. An bhfuil marcóir agat?

Cormac: Tá – seo dhuit. Ach níl mórán spáis fágtha!

Ciara: Go raibh maith agat. Súil agam go dtiocfaidh biseach ort gan mhoill. Slán!

Cormac: Tá súil agamsa freisin. Slán, a Chiara.

educate.ie